Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2237

9.11.2023

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 82/2023**

**an 28 Aibreán 2023**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2237]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1519 ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais is infheidhme maidir le táirgí leasacháin AE ina bhfuil comhdhúile coisctheacha agus maidir le hiarphróiseáil díleáiteáin ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 1 (Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XIV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32022 R 1519**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1519 ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2022 (IO L 236, 13.9.2022, lch. 5).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1519 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 29 Aibreán 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 77/2023 ó Chomhchoiste LEE an 28 Aibreán 2023 ([2]), cibé acu is déanaí.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Aibreán 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*

*An tUachtarán*

Nicolas VON LINGEN

([1]) IO L 236, 13.9.2022, lch. 5.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) IO L, 2023/2233, 9.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2233/oj.